# Scéal, Scéal, Scéal…

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

**31 Lúnasa 2023** || Eagrán 162

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

## Nóta ón Oifigeach Pleanála Teanga

**Ba mhaith linn focal buíochais a ghabháil le pobal Chois Fharraige as ucht an tacaíocht agus cúnamh a thugtar don Fhóram i gcónaí. Tá Plean Teanga Chois Fharraige á chur i bhfeidhm le breis agus trí bliana anuas anois agus níl aon amhras ach go bhfuil ról suntasach ag muintir na háite sa phróiseas sin. Is pointe eolais agus foinse taitnimh é *Scéal Scéal Scéal…* agus ba bhreá linn dá mbeadh ionchur ag an bpobal ann. Tá muid i gcónaí ag iarraidh a chloisteáil uaibh - agus aon mholtaí atá agaibh a chloisteáil agus a phlé. Ar scáth a chéile a mhaireann muid, ar ndóigh!**



# BIOBUS: CUAIRT AR CHOIS FHARRAIGE

Tá feachtas feasachta á reáchtáil ag ionad taighde de chuid Choláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath maidir leis an inbhuanaitheacht agus athrú aeráide. Mar chuid lárnach den fheachtas, rachaidh an 'BioBus' – bus speisialta a léireoidh taispeántas suimiúil – ar camchuairt ar fud na tíre. Beidh an t-uafás le feiceáil agus le foghlaim ag an taispeántas maidir le breoslaí iontaise agus réitithe éiceabhácha le dul i ngleic le bagairt an athrú aeráide. Tá sé i gceist go dtiocfaidh an taispeántas go Cois Fharraige ar an 12-18 Samhain. Tá Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath sa tóir ar dhaoine le suim acu san ábhar, a bheadh ar fáil le roinnt oibre a dhéanamh ag an taispeántas. Cuirfear traenáil ar fáil dóibh siúd a bheadh sásta tabhairt faoin obair, idir seisiún Zoom chomh maith le roinnt litríochta a bheadh le léamh, agus bheadh íocaíocht i gceist (€15 in aghaidh na huaire). Ar an iomlán, táthar ag ceapadh go mairfeadh na laethanta oibre ó 9r.n-7i.n ar na laethanta a bheadh an taispeántas ar siúl. Tá sé tábhachtach go mbeadh iarrthóirí sásta labhairt leis an bpobal, go mbeadh siad in ann aistriú go héasca ó Bhéarla go Gaeilge agus go mbeadh sé de chumas acu eolas a fhoghlaim. Beidh taighdeoirí na foirne ar an láthair freisin le go mbeifí in ann aghaidh a thabhairt ar aon cheisteanna teicniúla! Tá leabhrán foilsithe ag an ngrúpa taighde maidir leis an bhfeachtas, más mian leat cóip a fháil, nó níos mó eolas a fháil, is féidir teagmháil a dhéanamh le Katie ag optchoisfharraige@ gmail.com nó ag 083 010 6294




biorbic

# Ranganna Gaeilge do: Thosaitheoirí

(Irish Classes for Beginners)



Cúrsa 6 seachtaine @ **€20**

**Inis Fáil, An Spidéal (H91 X63V)**

**Ag tosú: Dé Máirt 12 Meán Fómhair**
**Am: 7-8:30 i.n.**

Moltar clárú roimh ré ag
**optchoisfharraige@gmail.com**
(register early to avoid disappointment)

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

# FOLÚNTAIS AG POTA

Tá POTA Café sa tóir ar fhoireann lán-aimseartha agus páirt-aimseartha. Tá siad ag glacadh le hiarratais do réimse leathan rólanna, idir freastalaithe agus foireann cistine. Cé go gcuideodh sé, ní gá go mbeadh taithí agat san earnáil mar go gcuirfear oiliúint chuimsitheach ar fáil. Déantar iarracht faoi leith i bPOTA láthair dearfach, measúil agus taitneamhach oibre a chur ar fáil. Bí i dteagmháil leo ar ríomhphost, potacafe@gmail.com, ar na meáin shóisialta, nó buail isteach chucu ar an Tulach.




# GRADAIM NA GAELTACHTA

Seoladh togra nua - Gradaim na Gaeltachta, de chuid Údarás na Gaeltachta - le gairid, le aird an phobail a tharraingt ar an obair iontach a dhéanann eagraíochtaí pobail, iad siúd atá ag feidhmiú go deonach, ach go háirithe. Tá an scéim roinnte idir Cuid A, atá dírithe ar ghrúpaí deonacha nó grúpaí atá á maoiniú ag an Stát agus Cuid B, atá dírithe ar choistí deonacha amháin, nach bhfuil maoiniú leanúnach Stáit acu (nach bhfuil bainisteoir nó oifigeach forbartha fostaithe acu). An-deis atá ann do ghrúpaí pobail a gcuid oibre a léiriú agus ar ndóigh, aitheantas a thabhairt do na grúpaí seo a chuireann a gcroí istigh sna tograí, imeachtaí agus ócáidí a bhíonn ar bun acu. Le níos mó eolais a fháil faoin scéim, nó chun an fhoirm iarratais a líonadh, is féidir an nasc seo a úsáid: https://udaras.ie/pobal/gradaim-na-gaeltachta/

Glacfar le hiarratais go dtí 22 Meán Fómhair 2023.

Údarás na Gaeltachta

# ARD-DIOPLÓMA I nGAEILGE FHEIDHMEACH AGUS AISTRIÚCHÁN

Tá Ard-Dioplóma i nGaeilge Fheidhmeach agus Aistriúchán á reáchtáil ag Europus i gcomhpháirt le Údarás na Gaeltachta agus ATU. Cúrsa lánaimseartha, sé mhí atá ann a bheas ar siúl ar an gCeathrú Rua. Cuirfear tús leis an gcúrsa ar an 18 Deireadh Fómhair. Cuirfear iarrthóirí faoi agallamh agus beidh scrúdú cainte le déanamh freisin. 'Sé Déardaoin 31 Lúnasa @ 5i.n. an spriocdháta le hiarratas a dhéanamh. Tá an cúrsa dírithe ar dhaoine ar mian leo a bheith ina n-aistritheoirí gairmiúla anseo in Éirinn nó in Institiúidí na hEorpa nó ar dhaoine ar mian leo a bheith ag obair in earnáil na Gaeilge.Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin gcúrsa ach teagmháil a dhéanamh le Sinéad ag sinead@europus.ie nó 091 595 492



# SCÉIM NA GCOIMISIÚN

Tá Scéim na gCoimisiún, de chuid Foras na Gaeilge oscailte anois. Faoi Scéim na gCoimisiún (2023-2025), cuirfear ciste coimisiúnaithe ar fáil d'fhoilsitheoirí Gaeilge a thacódh leo scríbhneoir(í) a choimisiúnú le díriú ar shaothar nua ar ardchaighdeán a scríobh trí mheán na Gaeilge, thar thréimhse dhá bhliain. Is féidir iarratas a dhéanamh ar líne, nó is féidir níos mó eolais a fháil faoin scéim ach cuairt a thabhairt ar www.forasnagaeilge.ie Glacfar le hiarratais go dtí 12 meánlae ar an Aoine 15 Meán Fómhair.



# LÁIDRIÚ AGUS NEARTÚ DO MHNÁ

Ranganna Aclaíochta - fáilte roimh ghach leibhéal agus aois!

- Láidriú (cosa, lámha, core & glutes)
- Aclaíocht le  meáchain
- Aclaíocht Urláir



**Dé Céadaoin**
**5.30 - 6.30i.n.**
**Halla @ Scoil Sailearna**


**€5 in aghaigh an ranga**

**Dé Céadaoin 6 Meán Fómhair**
**Guthán: 083 800 7775**

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

# CLUB SCRÍBHNEOIREACHTA CHOIS FHARRAIGE

Cuirfear tús le Club Scríbhneoireachta i gCois Cuain, sa Spidéal go luath. 'Sí Máire Uí Dhufaigh a bheas á threorú. Tá fáilte roimh scríbhneoirí nó daoine le suim acu sa scríbhneoireacht, atá ag iarraidh níos mó a fhoghlaim faoi, cúrsaí cruthaitheacha a phlé agus scéalta a roinnt ar bhealach sóisialta agus taitneamhach. Cuirfear tús le cúrsaí ar an 13 Meán Fómhair @ 7:30 Is féidir níos mó eolais a fháil ó Mháire ag 086 822 0272.



# ACDAMH SACAIR BHEARNA NA FORBACHA AONTAITHE

Cuirfear tús le hAcadamh Sacair Bhearna Na Forbacha go gairid. Cuirfear tús leis an Acadamh do na buachaillí ar an Satharn 26 Lúnasa @ 1i.n. don ghrúpa faoi 6, 7 agus 8. Cuirfear fáilte roimh an bhFoireann F9 ag 2:15, tosóidh an Fhoireann F10 ag 3:30 agus fáilteofar roimh an bhFoireann F11 @ 4:45i.n. Le níos mó eolais a fháil is féidir teagmháil a dhéanamh le Niall Ó Ruanaigh ag 087 248 2639 nó barnafurbo@galwayfa.ie Maidir leis na cailíní atá ina mbaill den chlub, cuirfear fáilte roimh an bhFoireann F6, F7, F8 agus F9 ar an Satharn 2 Meán Fómhair @ 10:30. Beidh fáilte roimh na himreoirí níos sine - Foireann F10 ag 11:45r.n. Le níos mó eolais nó sonraí eile a fháil, is féidir teagmháil a dhéanamh le Lorraine Darcy Keane ag 086 072 5033 nó Erin Lynch ag 085 144 2869 Tá fáilte roimh bhaill an chlub chomh maith le himreoirí nua.



BEARNA NA FORBACHA EST 1996 AONTAITHE

# BIG MAGGIE AG AN TAIBHDHEARC

Beidh 'Big Maggie' á léiriú sa Taibhdhearc ar an 15 & 16 Meán Fómhair. Léiriú de chuid Cumann Drámaíochta Chois Fharraige atá ann, do scéal cáiliúil John B Keane, atá aistrithe go Gaeilge ag Bridie Ní Churraoin. Léiríodh Big Maggie i mí Márta na bliana seo i Sheanscoil Sailearna agus d'éirigh go hiontach leis. Tá costas €15 ar thicéad agus cuirfear tús leis an seó @ 8i.n. Is féidir ticéad a cheannach ar líne nó is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Taibhdhearc ag 091 399277 le ticéad a cheannach nó le breis eolais a fháil.




# FOLÚNTAIS AG AN MBOGHA CEATHA

Tá an Bogha Ceatha ag glacadh le hiarratais faoi láthair do phost mar oibrí iarscoile agus club bricfeasta. Tosaíonn an seal oibre @ 7:30r.n. nó 9r.n. go dtí am lóin (1i.n.) nó 5:30i.n. ó Dé Luain - Dé hAoine. Tá sé riachtanach go bhfuil Gaeilge ag iarrthóirí. Tá sé tábhachtach go bhfuil iarrthóirí paiseanta faoi obair foirne agus go bhfuil suim acu a bheith ag obair le gasúir. Bheadh sé iontach dá mbeadh oiliúint gharchabhrach ag iarrthóirí ach níl sé riachtanach don phost agus níl aon cháilíochtaí ag teastáil. Le cur isteach ar an bpost, is féidir CV agus litir chumhdaigh a sheoladh chuig oifig@boghaceatha.com Tá postanna lánaimseartha agus páirtaimseartha ar fáil ag an mBogha Ceatha freisin. Tá Gaeilge líofa agus cáilíochtaí QQI/FETAC Leibhéal 5 nó Leibhéal 6 i gCúram Leanaí ag teastáil.



# RANGANNA CEOIL: FEADÓG & FIDIL

Cuirfidh Méadhbh Ní Eidhin tús le ranganna ceoil: don fheadóg agus don fhidil i mhí Meán Fómhair. Ar an Luan agus ar an gCéadaoin a bheas na ranganna ar siúl, sa Spidéal. Tá deis rang le grúpa gasúr a reáchtáil freisin ach teagmháil a dhéanamh le Méadhbh len' é a phlé. Is féidir teagmháil a dhéanamh le Méadhbh ag 087 795 3817.




# RANGANNA GAEILGE

Cuirfear tús le Ranganna Gaeilge ar an Máirt 12 Meán Fómhair in Inis Fáil, sa Spidéal. Tosóidh an rang @ 7 agus mairfidh sé uair go leith. Cúrsa sé seachtaine atá i gceist (seans go mbeidh deis tuilleadh ranganna a chur leis, ag braith ar éileamh.) Beidh na ranganna seo feiliúnach do thosaitheoirí nó do fhoghlaimeoirí le cúrsa amháin nó cúpla rang déanta acu cheana féin. Beidh táille €20 ar an gcúrsa - is féidir é seo a íoc ar an gcéad oíche. Le clárú do na ranganna, nó má tá tuilleadh eolais ag teastáil is féidir teagmháil a dhéanamh le Katie ag optchoisfharraige@gmail.com nó 083 010 6294.

*A 6 week Irish language course will commence on 12 September in Inis Fáil, An Spidéal. Class will run from 7-8:30pm. There will be a €20 fee for the course. Please see contact details above for more information.*

# ACLAÍOCHT AGUS LÁIDRIÚ LE ADHNA

**Láidriú do dhaoine os cionn 60 bliain d'aois**

**Adhna Ní Bhraonáin**

Chartered Physiotherapist leis an ISCP

- Láidreacht sna matáin, ailt agus cnámha
- Seachaint nó Moilliú Arthritis, Osteoporosis agus pianta eile
- Cothromaíocht



**Dé Luain**

**4 Meán Fómhair**

**3.30 - 4.30i.n**

**Halla @ Scoil Sailearna**

**€5 in aghaidh an ranga**

**(rang seachtainiúil)**

Fáitle roimh dhaoine le bacanna sláinte ar bith, (glaoigh ar Adhna roimh ré).
Cláraigh le: **083 800 7775**

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

**Cé go bhfuil an rang seo lán anois, is féidir d'ainm a chlárú don liosta feithimh, ach teagmháil a dhéanamh le Adhna.**